**Painéal Comhairleoirí don Bhord Pleanála – Sábháilteacht Dóiteáin**

**Na Cáilíochtaí is Gá**

Tá an Bord Pleanála ag iarraidh **innealtóirí dóiteáin nó comhairleoirí dóiteáin a bhfuil taithí shonrach acu ar a bheith ag obair ar thionscadail um Chórais Stórála Fuinnimh i gCeallraí (CSFC)** agus atá cáilithe go cuí a cheapadh chun cabhrú le scrúdú a dhéanamh ar chásanna beo CSFC. Ceanglófar ar aon chomhairleoir a bhfuil an taithí iomchuí aige/aici ar a bheith ag obair ar thionscadail CSFC na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil i gcás sannta, agus tráchtaireacht shonrach a dhéanamh i ndáil leis an acmhainneacht atá ann le haghaidh riosca dóiteáin
- Scrúdú a dhéanamh ar na córais sábháilteachta dóiteáin atá beartaithe
- Achoimre a thabhairt ar na nithe a breithníodh agus ar na príomhchonclúidí ar thángthas orthu agus comhairle a chur ar an gCigire tuairiscithe, de réir mar is gá

**Rátaí Íocaíochta**

Is é €835 an táille in aghaidh an lae, agus meastachán ama á údarú roimh ré. Forchoimeádann an Bord Pleanála an ceart chun a iarraidh ar an gcomhalta painéil i gcásanna áirithe luachan a thabhairt maidir le táille shocraithe nó maidir le haon chineál réasúnach eile praghais.

**Méid na hOibre**

Ní bheidh na comhairleoirí páirtaimseartha a cheapfar á bhfostú mar fhostaithe, agus ní bheidh aon chosaint reachtúil atá ar fáil d'fhostaithe ná aon chearta aoisliúntais ag gabháil leis na ceapacháin. Is ar bhonn conartha le haghaidh seirbhísí amháin a thairgfear an fhostaíocht pháirtaimseartha, agus ní bheidh aon choinníollacha fostaíochta ag gabháil léi. Ní thabharfar aon ghealltanas maidir leis an líon iarbhír cásanna a shannfar. Más rud é go mbeidh an obair míshásúil, ní shannfar aon chomhaid eile.

**Coinbhleacht Leasa**

Ní fhéadfar aon obair a bhféadfadh leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheith mar thoradh uirthi a dhéanamh don Bhord (seachas íocaíocht ón mBord). Ní fhéadfar tabhairt faoi aon obair a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar an gcásobair shonrach atá á déanamh don Bhord. Chuige sin, iarrfar ar chomhaltaí painéil Foirm Dearbhaithe Leasa a shíniú, agus aon leas a bheidh acu i ngach cás a leithdháilfear orthu á chur in iúl acu.

**Cód Iompair**

Tá feidhm ag an gCód Iompair do Chomhaltaí Boird, Fostaithe agus Daoine Áirithe Eile maidir le sainchomhairleoirí, agus é ar fáil ar an suíomh Gréasáin seo: Cód Iompair an Bhoird Pleanála 2023 (pleanala.ie)

**Iarratais**

Ba cheart iarratais agus CV a sheoladh le ríomhphost chuig Sarah Byrne Uas., Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Pleanála, ag recruitment@pleanala.ie.

Is féidir go gcuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthrófar. Is féidir go seolfar agallaimh ina dhiaidh sin.